

Mótarfheithiclí a fháil le hoidhreacht ó thaobh amuigh den Stát

Iarratas agus Dearbhú i leith Faoisimh ó Cháin Cláraithe Feithiclí (CCF)

Ba chóir foirm ar leith a chomhlánú do gach feithicil atá i gceist



Ba chóir na nótaí lastall a léamh roimh an iarratas seo a chomhlánú.

Chun cáiliú le haghaidh faoisimh, ní mór fianaise dhoiciméadach mar atá sonraithe ar an bhfoirm seo a chur le d'iarratas. Má tá eolas breise ag teastáil, iarrfar ort é a chur ar fáil nuair a dhéanann Oifigeach de chuid na gCoimisineirí loncaim teagmháil leat chun d'iarratas a chríochnú.

Sonraí Pearsanta		Sonraí na Feithicle	
Ainm an iarratasóra:	<input type="text"/>	Déanamh agus Múnla na Feithicle:	<input type="text"/>
Seoladh na Gnáthchónaitheachta (Eircode san áireamh):	<input type="text"/>	Uimhir Chlárúcháin:	<input type="text"/>
UPSP:	<input type="text"/>	Uimhir Aitheantais Feithicle (VIN):	<input type="text"/>
Uimhir fóin lae:	<input type="text"/>	Tír an Chlárúcháin is déanaí:	<input type="text"/>
Ainm an Duine Éagtha:	<input type="text"/>	Tháinig mé de bheith i dteideal na feithicle thuas	
Áit an Bháis:	<input type="text"/>	Le hOidhreacht, nó <input type="checkbox"/>	
Dáta Báis:	<input type="text"/>	mar ionadaí pearsanta an duine éagtha <input type="checkbox"/>	
Dáta a fuair tú seilbh / rialú ar an bhfeithicil:	<input type="text"/>		
Dáta a tugadh an fheithicil isteach sa Stát:	<input type="text"/>		

Dearbhú agus Tiomantas

Dearbhaím leis seo, mar an duine atá freagrach as an mótarfheithicil atá sonraithe anseo a thabhairt isteach sa Stát, go bhfuil cuntas iomlán agus fíor ar an mótarfheithicil atá á tabhairt isteach sa Stát sna sonraí sa dearbhú seo, agus tá mé ag déanamh éileamh ar fhaoiseamh ó fochaíocht Cáin Cláraithe Feithiclí i leith na feithicle sin faoi na Forálacha Oidhreachta

Síniú:

Dáta:

[NÓTA: FAOI BHUN DLÍ BEIDH AON DUINE A DHÉANANN NÓ ATÁ MAR CHÚIS DEARBHÚ BRÉAGACH A DHÉANAMH I DTAOBH AON NÍ EILE LENA MBAINNEANN CÁIN CLÁRAITHE FEITHICLÍ AR CHIONTÚ FAOI DHLITEANAS PIONÓS TROM]

Úsáid Oifigiúil Amháin

Aitheantas Díolúine:	Dáta a Fuarthas:	Uimhir Tagartha:
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Ceadaithe / Neamhceadaithe	Sínithe:	Dáta

Cuir na doiciméid seo a leanas ar fáil chun tacú le d'iarratas.

- 1 Cóip den Deimhniú Báis
- 2 Cóip den Uacht
- 3 Cóip den Litir Probháide
- 4 Cóip den Doiciméad Cláraithe Feithiclí
- 5 Cóip de Dheimhniú Árachais an duine éagtha i leith na feithicle

Nótaí - OIHDREACHT

Féadtar feithicil a thugtar isteach sa Stát tar éis bhás a húinéara thar lear a chlárú gan CCF a íoc más rud é:

- ♦ go bhfuair an t-iarratasóir seilbh air le hoidhreacht, le huacht nó faoin dlí a bhaineann le díthiomnacht, nó
- ♦ gurb é an t-iarratasóir ionadaí pearsanta an duine éagtha agus go gcónaíonn siad sa Stát.

Critéir Cháilitheachta

Chun cáiliú le haghaidh faoisimh, ní mór don airratasóir an méid seo a chomhlíonadh:

- ♦ an fheithicil a bheith faighte go díreach le huacht;
- ♦ a bheith cónaitheach nó bunaithe sa Stát.

Chun cáiliú le haghaidh faoisimh ní mór don fheithicil(i) an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

- ♦ a bheith mar mhaoín phearsanta an duine éagtha ag tráth an bháis;
- ♦ a bheith tugtha isteach sa Stát taobh istigh de dhá bhliain den iarratasóir í a fháil.

Nós Imeachta um Iarratas

Aistrithe ó thaobh istigh den AE	Aistrithe ó thaobh amuigh den AE
Ní mór iarratas ar fhaoiseamh a dhéanamh ag an Oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ina gcónaíonn an t-iarratasóir taobh istigh de 7 lá tar éis don fheithicil teacht isteach sa Stát.	Ba chóir iarratas ar fhaoiseamh a dhéanamh leis an Oifigeach Custam ag an bPointe Iontrála isteach sa Stát.

Nuair atá na Coimisinéirí Ioncaim sásta go bhfuil an fheithicil i dteideal díolúine ó CCF (agus aon chánacha eile a d'fhéadfadh a bheith dlite) ba chóir dóibh litir a eisiúint chuig an iarratasóir.

Ba chóir don iarratasóir coinne a dhéanamh leis an Ionad NCTS taobh istigh de 7 lá ón bhfeithicil teacht isteach sa Stát.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas ar an foirm seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.